Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht

An Bhruiséil, 9 Eanáir 2026

CM 1112/26

LIMITE

POLCOM
COLAC
PROCED

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2025/0183(NLE)**
**2025/0184(NLE)**
**2025/0191(NLE)**
**2025/0192(NLE)**

PUBLIC

## TEACHTAIREACHT

**AN NÓS IMEACHTA I SCRÍBHINN**

| | |
|---|---|
| Teagmháil: | polcom@consilium.europa.eu |
| Teil/Facs: | +3222815181 |
| Ábhar: | Comhaontuithe AE-Mercosur<br>– An nós imeachta i scríbhinn a thionscnamh |

An 3 Meán Fómhair 2025, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle a thograí le haghaidh Cinntí ón gComhairle maidir le síniú an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta AE-Mercosur agus an Chomhaontaithe Eatramhaigh maidir le Trádáil idir an tAontas agus Mercosur araon, agus maidir leis na Comhaontuithe sin a thabhairt i gcrích.

Ag eascairt as an gcinneadh a rinne Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2) an 9 Eanáir 2026 an nós imeachta i scríbhinn a úsáid, iarrtar ort a chur in iúl an aontaíonn tú leis an méid a leanas:

a) an Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Cómhargadh Theas, Poblacht na hAirgintíne, Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle, Poblacht Pharagua agus Poblacht Oirthearach Uragua, den pháirt eile, mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air agus mar a leagtar amach in 12442/25 agus 12450/25 + ADD 1-14 é, a ghlacadh;

**Iarrtar ort "AONTAÍONN", "NÍ AONTAÍONN" nó "STAONADH" a thabhairt mar fhreagra.**

b) an comhaontú i bprionsabal maidir le téacs an Chinnidh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Cómhargadh Theas, Poblacht na hAirgintíne, Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle, Poblacht Pharagua agus Poblacht Oirthearach Uragua, den pháirt eile, mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air agus mar a leagtar amach in 12443/25 é, a dhearbhú; agus a chinneadh é a chur ar aghaidh, mar aon le téacs an Chomhaontaithe, mar a leagtar amach in 12450/25 + ADD 1-14 é, chuig Parlaimint na hEorpa chun a toiliú a fháil;

**Iarrtar ort "AONTAÍONN", "NÍ AONTAÍONN" nó "STAONADH" a thabhairt mar fhreagra.**

c) an Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Eatramhaigh maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus an Cómhargadh Theas, Poblacht na hAirgintíne, Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle, Poblacht Pharagua agus Poblacht Oirthearach Uragua, den pháirt eile, mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air agus a leagtar amach in 12417/1/25 REV 1 agus 12419/25 + ADD 1-13, a ghlacadh;

**Iarrtar ort "AONTAÍONN", "NÍ AONTAÍONN" nó "STAONADH" a thabhairt mar fhreagra.**

PUBLIC

d) an comhaontú i bprionsabal i ndáil leis an gCinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Eatramhaigh maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus an Cómhargadh Theas, Poblacht na hAirgintíne, Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle, Poblacht Pharagua agus Poblacht Oirthearach Uragua, den pháirt eile, mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air agus mar a leagtar amach in 12418/1/25 REV 1 é, a dhearbhú agus a chinneadh é a chur ar aghaidh, mar aon le téacs an Chomhaontaithe, mar a leagtar amach in 12419/25 + ADD 1-13 é, chuig Parlaimint na hEorpa chun a toiliú a fháil;

**Iarrtar ort "AONTAÍONN", "NÍ AONTAÍONN" nó "STAONADH" a thabhairt mar fhreagra.**

PUBLIC

Ní mór na freagraí a chur chuig **polcom@consilium.europa.eu** agus ní mór dóibh a bheith faighte ag Ardrúnaíocht na Comhairle **faoi 17.00 (Am Lár na hEorpa), an 9 Eanáir 2026**.

Is tráth a fhreagraítear na ceisteanna ba cheart aon ráitis aontaobhacha a dhéanamh, cé is moite de na ráitis aontaobhacha a rinneadh cheana ag Coreper.